

Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh – buaiteoirí chomórtas Mheitheal Logainm.ie d'iar-bhunscoileanna

Ainmníodh Coláiste Pobail Cholmcille, Toraigh, i mí na Bealtaine 2018, mar bhuaiteoir an chomórtais d'iar-bhunscoileanna ar Mheitheal Logainm.ie. Tugadh cuireadh do dhaltaí iar-bhunscoile sonraí maidir le mionainmneacha i gceantar na scoile (nó in aice le háit chónaithe na ndaltaí) a ionchur ar Mheitheal Logainm.ie, uirlis sluafoinsithe chun sonraí a bhaineann le mionainmneacha a bhailiú, a stóráil agus a roinnt.

D'éirigh le daltaí Choláiste Pobail Cholmcille **breis agus 400 mionlogainm** a bhailiú maille le go leor taifeadtaí fuaimneacha ina gcaomhnaítear fuaimníú áitiúil na mionainmneacha. Is bailiúchán an-suntasach é seo a chuireann go mór le caomhnú oidhreacht logainmníochta Thoraí agus an cheantair máguaird. Déantar taifeadadh ar eolas luachmhar stairiúil, tíreolaíochta agus logainmníochta don chéad ghlúin eile chomh maith. Áirítear carraigeacha, scoilteanna, páirceanna, uaimheanna agus neart mionlogainmneacha eile mar chuid den bhailiúchán agus is féidir na mionlogainmneacha ar fad a bailíodh mar chuid den togra a chuardach anseo.

Is féidir clárú anseo más spéis leat páirt a ghlacadh i Meitheal Logainm.ie agus mionainmneacha i do cheantar áitiúil a thaifeadadh agus a chaomhnú. Tá sé an-éasca mionainm a ionchur ar an suíomh, ní gá ach áit a roghnú ar an léarscáil, cineál an logainm a roghnú ó roghchlár, an logainm a scríobh isteach i nGaeilge agus/nó i mBéarla agus aon eolas eile atá agat faoin logainm a ionchur. Tá treoir chuimsitheach maidir le hionchur logainmneacha ar fáil sna leathanaigh eolais ar shuíomh Mheitheal Logainm.ie. Ní neart go cur le chéile!

Nóta d'eagarthóirí:

Tá meitheal.logainm.ie agus logainm.ie á bhforbairt ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.

CRÍOCH

Tuilleadh eolais ar fáil ó logainm@dcu.ie nó (01) 700 6577.